

Freagra ó EUIPO

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

II. Cuireann EUIPO rialachán trádmailc agus dearaidh an Aontais i bhfeidhm go héifeachtach agus soláthraíonn sé teidil láidre trádmailc agus dearaidh atá bailí ar fud an Aontais Eorpaigh ar fad. Tá an t-éileamh ag méadú go réidh (46% le 5 bliana anuas i gcás EUTM) agus tá an Oifig ag déileáil leis na méideanna arda sin ag cinntiú na leibhéil seirbhíse is fearr agus leibhéal ard sásaimh custaiméirí (ráta sásaimh 88% de réir an tsuirbhé dheireanaigh ar shásamh custaiméirí), agus smacht á choimeád aici ar chostais. Tá gach deimhniú ISO ábhartha faighte agus coinnithe ag EUIPO¹ agus tá a fheabhas i réimsí éagsúla aitheanta go hidirnáisiúnta trí roinnt dámhachtainí².

VI. Maidir le trádmailcanna, roghnaigh an reachtóir na táillí a áireamh sa bhunrialachán agus leag sé síos ina bhrollach na critéir ar a socraítear na táillí. Cinntear na táillí de réir na gcritéir seo agus comhlíonann siad a gcuid cuspóirí. Léiríonn an méadú leanúnach ar éileamh, i dtuairim EUIPO, nach bacainn ar bith iad a leibhéal ná a struchtúr. Maidir le dearaí, áiríodh sa mheastóireacht ar an acuis a rinne an Coimisiún Eorpach anailís ar struchtúr agus ar leibhéal na dtáillí.

VII. Tá nós imeachta buiséadach agus urscaoilte difriúil socraithe ag an reachtóir do ghníomhaireachtaí uile AE atá féinmhaoinithe go hiomlán agus nach bhfuil Buiséad AE á chur chun feidhme acu dá bhrí sin. Is é an nós imeachta um urscaoileadh ginearálta a chuirtear i bhfeidhm ar ghníomhaireachtaí fóirdheonaithe an comhlacht ábhartha a choinneáil cuntasach as cur chun feidhme bhuiséad AE os comhair Pharlaimint na hEorpa agus os comhair na Comhairle, i.e. an dá údarás atá freagrach as buiséad AE. Mura bhfuil cistí ó bhuiséad AE i gceist, níl aon údar dlíthiúil ann go mbeadh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle freagrach as an urscaoileadh.

Is gníomhaireacht lán-fhéinmhaoinithe í EUIPO, nach bhfuil ag cur aon ualach ar cháiníocóirí AE. Déanann EUIPO talamh slán de neamhspleáchas airgeadais mar mhaoiníonn sé a ghníomhaíochtaí uile leis an ioncam a fhaightear ó na táillí a íocann custaiméirí, tionscail go príomha.

Tá samhail rialachais EUIPO ailínithe go ginearálta leis an gCur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí dlíraithe, cuireann sé a chomhthéacs sonrath san áireamh agus tá a rialachán airgeadais ailínithe go ginearálta leis an gcreatrialachán airgeadais is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE.

¹ Cailíocht (ISO9001), Bainistíocht custaiméirí (ISO10002), Bainistíocht Slándála Faisnéise (ISO 27001) agus Sláinte agus Sábháilteacht (ISO45001)

² An Oifig Maoine Intleachtúla (MI) is nuálaí ar domhan de réir an Athbhreithnithe Trádmailc Domhanda iomráiteach, Gradam Airgid ón Lárionad Teagmhála Eorpach agus Dámhachtainí Seirbhíse do Chustaiméirí as an “úsáid is fearr as léargas custaiméirí”, Dámhachtainí Cumarsáide Digití agus ar ghearrliosta do dhá ghnóthachtáil ag Gradam Ombudsman na hEorpa le haghaidh Dea-Riaracháin

Sa chomhthéacs sin, ní mheasann EUIPO go bhfuil laigí ó thaobh cuntasachta sa mheicníocht urscaoilte a dheimhnigh an reachtóir le linn an athchóirithe reachtaigh is déanaí agus go ndíríonn sé go deimhin ar chomhthéacs sonrach na hOifige. Neartaigh roinnt airteagail den EUTMR athbhreithnithe creat cuntasachta EUIPO fiú (féach go háirithe Airteagail 153(1)(a) go (c), 157(4) (c) agus (e), 172(9) agus 176(1)).

BARÚLACHA

19. Aithnítear i rialachán airgeadais AE go gcuirfear struchtúr maoinithe na ngníomhaireachtaí san áireamh sa sásra urscaoilte.

Is gníomhaireacht lán-fhéinmhaoinithe í EUIPO, nach bhfuil ag cur aon ualach ar cháinócóirí AE. Déanann EUIPO talamh slán de neamhspleáchas airgeadais mar mhaoiníonn sé a ghníomhaíochtaí uile leis an ioncam a fhaightear ó na táillí a íocann custaiméirí, tionscail go príomha.

Sa chomhthéacs sin, measann EUIPO go bhfuil an loighic atá mar bhonn le cinneadh an reachtóra maidir le samhlacha éagsúla urscaoilte soiléir. Go deimhin, is é cuspóir an nós imeachta um urscaoileadh ginearálta a chuirtear i bhfeidhm ar ghníomhaireachtaí fóirdheonaithe an comhlacht ábhartha a choinneáil cuntasach as cur chun feidhme bhuiséad AE os comhair Pharlaimint na hEorpa agus os comhair na Comhairle, i.e. an dá údarás atá freagrach as buiséad AE. Mura bhfuil cistí ó bhuiséad AE i gceist, níl aon údar dlíthiúil ann go mbeadh Parlaimint na hEorpa freagrach as an urscaoileadh.

Cloíonn nós imeachta urscaoilte EUIPO le forálacha an chreata airgeadais reatha agus cuireann sé tuarascálacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa san áireamh.

De réir fhorálacha bhunrialachán EUIPO, is é an Coiste um an mBuiséad, ar a bhfuil ionadaí amháin ó gach Ballstát, beirt ionadaithe ón gCoimisiún agus ionadaí amháin ó Pharlaimint na hEorpa, a dheonaíonn urscaoileadh. Ina theannta sin, glacann geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear ionadaithe ó chomhlachais na n-úsáideoirí, páirt mar bhreathnóirí ar na comhlachtaí rialaithe, rud a áiríthíonn níos mó trédhearcachta.

Fuair EUIPO tuairimí iniúchóireachta glana i gcónaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus deonaíodh urscaoileadh i gcónaí d'aon toil do Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO, lena n-áirítear vótaí dearfacha an Choimisiúin Eorpaigh agus ionadaithe Pharlaimint na hEorpa ar choiste buiséid EUIPO.

21. Bheadh tionchar rialaithe ag aon toscaireacht ar a bhfuil ionadaíocht ag comhlachtaí rialaithe EUIPO go sainráite in aghaidh an struchtúir vótála do Bhord Bainistíochta na hOifige agus don Choiste um an mBuiséad a shainítear in Airteagail 156(5) agus 171(3) EUTMR agus ar glacadh iad de réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh (ar a dtugtaí “Comhchinneadh”) ina raibh an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa páirteach go gníomhach. Ina theannta sin, léiríonn struchtúr comhlachtaí rialaithe EUIPO an príomhphrionsabal a bhaineann le CMI na AE a riar, is é sin cómhtaireachtail agus comhlántacht na gcóras náisiúnta agus AE.

Ina theannta sin comhlíonann na forálacha sin na leibhéil rannpháirtíochta a chomhaontaigh na hInstitiúidí iad féin sa Chur Chuige Coiteann maidir le Gníomhaireachtaí Díláraithe.

Ó rinneadh an t-Athchóiriú Dlí i mí an Mhárta 2016, as 304 cinneadh a ghlac an Bord agus an Coiste um an mBuiséad le linn na gcruinnithe MBBC tarchurtha, vótáil an Coimisiún i gcoinne 2 chinneadh (0.66%), arb é ceann acu an sampla a thug an Chúirt, agus staon Parlaimint na hEorpa ar 3 cinn acu (1%).

Maidir le sampla an Rialacháin Airgeadais, tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais go raibh an téacs faoi réir comhairliúcháin fhoirmiúil leis an CIE agus leis an gCoimisiún araon, i gcomhréir le forálacha bhunrialachán na hOifige.

Thug an CIE ina thuairim 1/2019 dá haire go raibh an Rialachán Airgeadais atá beartaithe bunaithe go mór ar an gCreat-Rialachán Airgeadais. D'ardaigh an Chúirt breithnithe speisialta freisin, a raibh an creat cuntasachta ina measc (féach mír 22).

22. Tuairiscíodh imní na Cúirte faoi nós imeachta urscaoilte EUIPO ar ócáidí roimhe seo, lena n-áirítear roimh an athchóiriú reachtach deiridh. Ba í conclúid an chomhaontaithe idirinstiúidigh, áfach, gur cheart an nós imeachta buiséadach agus urscaoilte a bheith os comhair Choiste Buiséid na hOifige atá comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na Ballstáit, atá ailínithe go ginearálta leis an gCur Chuige Comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe agus an creat rialúcháin.

A mhéid a bhaineann le EUIPO, cuireann sé a chláir oibre, tuarascálacha bliantúla, cuntais airgeadais agus tuarascálacha débhlíantúla ar a staid airgeadais ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.

23. Tá roinnt na bhfreagrachtaí idir MB agus BC leagtha amach san EUTMR mar gur ról shainiúla iad a ról faoi seach agus go gcuirtear síos orthu go mion sa dlí.

Maidir le caidrimh eile a chuirfeadh isteach, tá sé de dhualgas ar chomhaltaí an MB agus BC aon choinbhleacht iarbhír nó coinbhleacht a bhraitear a dhearbhu ar bhonn bliantúil.

24. Níl aon tionchar ag an Oifig ar ainmniúcháin comhaltaí ná comhaltaí ionaid a comhlachtaí rialaithe. Tá an t-ainmniúchán leagtha amach de réir rialacha nósanna imeachta an Bhoird Bainistíochta agus an Choiste um an mBuiséad ina sonraítear araon “go ndéanfaidh gach Ballstát, an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa na daoine a dhéanfaidh ionadaíocht dóibh mar ionadaí agus ionadaí malartach a cheapadh”.

Dá bhrí sin, is iad na Ballstáit, an Coimisiún agus an Parlaimint atá i gceannas ar a n-ionadaithe a roghnú a gcuirfean an próiseas cinnteoireachta de chúram orthu agus atá in ann a vótaí a chaitheamh laistigh de na sainchumais atá leagtha síos go soiléir ag an EUTMR. Maidir leis an ngné den nós imeachta um urscaoileadh, mar a míníodh thuas cheana, tá gá le nós imeachta urscaoilte difriúil ó neamhspleáchas airgeadais na hOifige a dtagann a hioncam go príomha ó tháillí a íocann úsáideoirí an chórais agus atá i gcás gníomhaireachtaí arna maoiniú ag buiséad AE. Déanta na fírinne, éilíonn comhaireachtaí idir córais náisiúnta agus córais MI AE go mbeidh na Ballstáit in ann a sheiceáil go bhfanann an Oifig laistigh de theorainneacha a sainordaithe. Ina theannta sin, mar a shonraítear tuilleadh in Aithris 37 agus in Airteagal 175 EUTMR, déanann an Chúirt Iniúcháirí iniúchadh ar na cuntais chun rialú airgeadais cuí na hOifige a áirithiú.

31.

(b) Tagann struchtúir táillí náisiúnta laistigh den cheannasacht airgeadais náisiúnta agus mar sin is beag an cumas chun cóineasú.

37. Ní hionann cás an EUIPO agus cás na ngníomhaireachtaí dá dtagraítear mar gur chinn na reachtóirí gur cheart na táillí a shocrú ar leibhéal rialacháin bhunaidh na hOifige i bhfianaise a thábhachtaí atá siad d'fheidhmiú chóras trádmailrc AE agus dá chaidreamh comhlántach maidir le córais trádmailrc náisiúnta.

Maidir leis an mbarrachas buiséadach faoi 2020, is ionann an t-iarmhéid a tugadh ar aghaidh (caibidil 10.1 den bhuiséad) agus EUR 165.5 milliún agus comhfhreagraíonn sé do na cúlchistí airgeadais is féidir a chur ar fáil chun tacú le beartais AE i réimse na maoiné intleachta. B'ionann an glanbarrachas carntha roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin EUTM agus EUR 185.2 milliún agus tá sé á laghdú ó shin go EUR 153.9 milliún de réir bhuiséad 2022. Táthar ag súil go gcuideoidh tionscnaimh atá beartaithe chomh maith le cinn nua atá á bplé faoi láthair leis an mbarrachas seo a laghdú go suntasach sna blianta amach romhainn.

Maidir leis an mbarrachas a gineadh ag tosú in 2016, cuireann an EUTMR meicníochtaí ar fáil chun carnadh barrachas suntasach nua a chosc, is é sin farasbarr suntasach a fhritháireamh agus an fhéidearthacht é a aistriú chuig buiséad AE.

A mhéid a bhaineann leis an mbarrachas a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm an EUTMR athbhreithnithe, tá sé á úsáid ó 2020 i leith, tar éis theacht i bhfeidhm rialachán airgeadais nua na hOifige, chun tacú le Beartais an Aontais i réimse na maoiné intleachtúla.

Maidir lena éifeachtúla atá oibríochtaí EUIPO, déantar faireachán orthu agus tuairiscítear iad ar bhealaí éagsúla amhail buiséad bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus costas aonaid. Léiríonn na torthaí éifeachtúlacht mhéadaithe iarbhir, go páirteach toisc gur tháinig méadú 46% ar chomhduithe EUTM le cúig bliana anuas, céatadán atá i bhfad níos airde ná éabhlóid an chaiteachais bhliantúil réadaithe.

39. Aithníonn an EUTMR go foirmiúil gur cheart go n-áiritheofaí leis na táillí cómháireachtáil agus comhlántacht idir trádmailrc AE agus córais trádmailrc náisiúnta, ag cur san áireamh freisin méid an mhargaidh atá clúdaithe ag trádmailrc AE. Sa chomhthéacs sin, tugann méid na cosanta a thairgeann EUTMR i gcomparáid le cosaint náisiúnta údar le leibhéal níos airde táillí.

41. Maidir le trádmailrcanna, roghnaigh an reachtóir na táillí a áireamh sa bhunrialachán agus leag sé síos ina bhrollach na critéir ar a socraítear na táillí, rud a fhreagraíonn don ghá le trédharcacht. Measann EUIPO go bhfuil na critéir soiléir, agus socraítear na táillí dá réir.

Ar phrionsabal an ioncaim imleor chun an buiséad a chomhardú, baintear an cuspóir amach sa mhéid is gur chiallaigh an t-ioncam a fuarthas ó tháillí nár ghá do EUIPO fóirdheontas comhardaithe ó bhuiséad AE a iarraidh.

Maidir leis an mbarrachas, mar a luadh cheana, tá aghaidh tugtha ag an reachtóir ar an gceist tríd an EUTMR athbhreithnithe. Ba cheart go gcuirfeadh sásraí nua mar fhritháireamh agus aistriú féideartha barrachais shubstaintiúil chuig buiséad AE bac i bprionsabal ar chardadh barrachais suntasaigh.

Os a choinne sin, baintear úsáid as cuid den bharrachas a gineadh roimh an athchóiriú dlíthiúil chun tacú le beartais an Aontais i réimse na maoine intleachtúla.

43. Bhunaigh an reachtóir an sásra fritháirimh mar shásra chun fritháireamh a dhéanamh ar chuid de na costais a thabhaíonn na Ballstáit as an ról atá acu chun feidhmiú rianúil chóras trádhmhairc AE a áirithiú. Is ionann an méid iomlán agus 5% d'ioncam bliantúil EUIPO ar choinníoll nach mbeadh easnamh buiséadach mar thoradh air agus nach bhfuil baint aige le táillí náisiúnta iarratais.

44. De réir an dara fohmhir d'Airteagal 172(5) den EUTMR, ní mór do na Ballstáit, chun a gcostais a fhíorú, sonraí staidrimh a thíolacadh don Oifig faoin 31 Márta gach bliain ina dtaispeánfar na figiúirí dá dtagraíonn na ceithre tháscaire don bhliain roimhe sin; cuirfear sonraí den sórt sin san áireamh ansin sa togra a dhéanfar chuig an mBord Bainistíochta. Beidh Lárphointí na mBallstát freagrach as na sonraí staidrimh thuasluaite a chur faoi bhráid na hOifige gach bliain, agus as a bailíocht a fhíorú agus a dheimhniú. Beidh Lárphointí na mBallstát freagrach freisin as aon údaráis náisiúnta ábhartha eile a bhfuil a gcostas incháilithe faoin scéim seo a shainaithe agus a ainmniú, mar atá leagtha amach in Airteagal 172(4) EUTMR.

Níl aon tionchar ag na sonraí sin ar mhéid iomlán an fhritháirimh arb ionann é agus 5% den ioncam bliantúil ach a úsáidtear chun na cistí a dháileadh ar na Ballstáit.

45. I dtuairim EUIPO, tá sé soiléir ó aithris 36 den bhrollach a ghabhann leis an EUTMR gur thug an reachtóir meicníocht fhritháirimh isteach agus é ar intinn aige cuid de na costais a thabhaigh údaráis na mBallstát a chlúdach agus gan córas cúitimh iomlán a bhunú bunaithe ar chritéir chruinne. Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis a bhfuil sé i gceist a gcostas a fhritháireamh (NIPOnna, póilíní, custaim, breithiúna) a mbuiséad féin a bheith acu nó a mhalairt, ós rud é go bhfuil formhór na n-údarás sin, nó, i gcásanna áirithe, gach údarás díobh ina gcuid de riarachán lárnach an stáit agus níl aon bhuiséad dá gcuid féin acu.

Bosca 2

(1) Tá líon bliantúil na n-iarratas ar thrádmharc AE i ngach Ballstát ar cheann de na táscairí a úsáidtear chun an ríomh a dhéanamh, ach tá soláthar faisnéise faoi fheidhmiú chóras EUTM trí dheasca cabhrach agus ionaid faisnéise ar cheann de na seirbhísí a fhritháirítear. Níl aon ghaol idir an dá rud. Ina theannta sin, ní fhorluíonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 172 EUTMR le haon ghníomhaíochtaí cur chun cinn nó múscaillte feasachta a mhaoineítear trí Thionscadail um Chomhar Eorpach a mhéid a thagraíonn na cinn deiridh do ghníomhaíochtaí for-rochtana seachas na cinn a thairgtear trí lárionaid faisnéise. Thairis sin, tagraíonn Airteagal 152 EUTMR don chomhar i bhfoirm comhroinnte faisnéise chun tacú le gníomhaíochtaí lárionad faisnéise (mír 1(e)) nó le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna (mír 6) nach bhfuil ceachtar acu clúdaithe ag meicníocht fritháirimh Airteagal 172 EUTMR.

50. Cuirfidh glacadh dearfach na seirbhísí seo ag na custaiméirí le Cruthú an Ionaid Idirghabhála, mar a thuairiscítear i bPlean Gníomhaíochta BoA 2021-2026 (Réimse Fócais 4), lena leathnófar na seirbhísí ADR a thairgtear chun imeachtaí inter partes uile a bhaint amach i ngach cás de chuid na hOifige.

51. Leagtar síos le hAirteagal 119 agus le hAirteagal 120 EUTMR sásraí atá dírithe ar na difríochtaí sin a chuimsiú: tá dlíodóirí i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar fud an Aontais, cé is moite de mhionisceachtaí, glactar le hionadaithe gairmiúla i bhformhór mór na mBallstát, ach sna Ballstáit ina bhfuil ionadaíocht ar oscailt do dhaoine neamhcháilithe, tugadh isteach riail aonfhoirmeach 5 bliana de chleachtas chun éagsúlachtaí a laghdú.

52. Tá beart tapa déanta ag an Oifig chun na hearráidí a d'aithin an Chúirt a cheartú agus chun a dheimhniú nach raibh líon na n-earráidí féideartha suntasach.

Ó bunaíodh an Oifig, fuair EUIPO 2 397 000 iarratas EUTM san iomlán, agus cláraíodh breis is 2 000 000 díobh sin go rathúil mar thrádmharcanna.

Tá seiceáil chuimsitheach cháilíochta déanta ag an Oifig ar an gClár agus níl ach ráta earráide 0.018% aimsithe aici.

Maidir leis na 5 chás inar léiríodh easnaimh, baineann siad sin le hiontrálacha oidhreachta, mar a léirítear go soiléir san uirlis³.

Maidir le Clár RCD, maidir le hiomláine don dara teanga, tá fabht sa chóras, a bhaineann le dearáí le stádas dlíthiúil 'géillte', aitheanta agus réitithe⁴.

53. Ag cur an ráta achomhairc chuig an gCúirt Ghinearálta san áireamh (idir 8% agus 12% go stairiúil), is féidir a thabhairt faoi deara go bhfuil éifeachtacht an chórais ard cheana féin. Tá cáilíocht agus comhsheasmhacht ina ardtosaíocht ag na Boird Achomhairc ina bPlean Gníomhaíochta 2021/2026. Tá sé mar aidhm ag roinnt tionscnamh, go háirithe cruthú na gCiorcal Comhsheasmhachta laistigh de na Boird, arb iad a bpríomhchúraimí taighde agus anailís a dhéanamh ar chásdlí, ar leibhéal BoA agus GC/CJEU araon, comhchuibhiú níos mó a cheadú, agus neamhspleáchas na mBord á urramú go hiomlán, agus oibriú chun comhsheasmhacht na cinnteoireachta a fheabhsú tuilleadh.

55. Is trí na ECPanna faoi chreat na gComhaontuithe Comhair bliantúla a dhéantar an príomhchomhar idir NIPOnna agus EUIPO. Ó 2020 i leith, tugadh isteach maoinithe (cnapshuimeanna) mar rogha costais simplithe le haghaidh cineálacha gníomhaíochtaí ECP go léir seachas cur chun feidhme tionscadal. Toisc gur measadh 2020 a bheith ina clár píolótach, déanfar an modh seo a athbhreithniú.

57. In éagmais treorach sa rialachán airgeadais, chuir EUIPO samhail chnapshuime chun feidhme ó 2020 ar aghaidh bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil.

(a) Níor chumhdaigh sonraí stairiúla fíoraithe na dtairbhíthe aonair ach an bhliain roimhe sin chun an fhaisnéis airgeadais is nuashonraithe ó na tairbhíthe a léiriú.

³ Nuair a scaoileadh an córas, le Cinneadh ED Uimh. EX-21-4, cuireadh na custaiméirí ar an eolas faoi infhaighteacht theoranta sonraí le haghaidh iontrálacha oidhreachta.

⁴ Cláraíonn an Oifig breis agus 100 000 dearadh in aghaidh na bliana, agus ar an meán géilltear 120 díobh, i.e. 0.01%. Tá an dara teanga ar fáil trí eSearch Plus do gach ceart maoiné intleachtúla.

(b) Tá na gníomhaíochtaí cur chun cinn, mar ghníomhaíochtaí píolótacha, faoi réir cnapshuimeanna. Bunaíodh grúpáil agus aicmiú na ngníomhaíochtaí cur chun cinn chun cnapshuimeanna a ríomh ar na critéir seo a leanas:

- Soláthar faisnéise/comhairle
- Imeachtaí scaipthe
- Gníomhaíochtaí faireachlainne

Nuair a bhíonn cnapshuimeanna á mbunú agus gníomhaíochtaí á ngrúpáil le chéile bunaithe ar aon chritéir, is toradh loighciúil ar an bpróiseas é caighdeánú áirithe, nuair a dhámhtar cnapshuimeanna comhchosúla ar ghníomhaíochtaí neamhchosúla.

(c) Agus an meánráta laethúil á ríomh, áiríodh leis na NIPOnna tuarastail na bpróifílí foirne inmheánacha go léir a bhí rannpháirteach i dtionscadail ECP 2019 chun meánráta amháin a bhunú in aghaidh an NIPO, baineadh úsáid as na meánrátaí sin chun an cnapshuim a ríomh bunaithe ar an iarracht mheasta a theastaíonn i dtéarmaí daonlaethanta arna ndíorthú ó na sonraí stairiúla.

Déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar an modheolaíocht chun cnapshuimeanna a ríomh agus barúlacha na Cúirte iniúchóirí á gcur san áireamh aici.

58. Sonraítear go soiléir sa chomhaontú comhair faoi Airteagal 28 go mbeidh ríomh an liúntais iomláin ag brath ar luachanna seirbhíse éagsúla. In 2007 nuair a phléigh an ABBC (ar a dtugtar anois MBBC nó an Bord Bainistíochta agus Coiste Buiséadta) an bunachar sonraí TMview sular seoladh é, phléigh na hionadaithe go léir an mhodheolaíocht agus na méideanna agus rinne siad iad a fhaomhadh. Dúradh go soiléir le linn na gcruinnithe sin an 6 Samhain 2007 (CA/08/S36/C2/GA faoi mhír “Tionscadal an Euroregister”) agus sna Comhaontuithe Comhair Airteagal 28.9, nach mbeidh aon nasc idir na costais reatha agus na fíorchostais a theastaíonn do chothabháil an bhunachair shonraí ag na hoifigí aonair (“.....ní chuirfear san áireamh sna costais reatha na hacmhainní is gá chun na feidhmchláir a thógáil, a imscaradh agus chun tacú leo.”). Lena chur ar bhealach eile, níl an ranníocaíocht nasctha le costais ach le cáilíocht na seirbhíse (feidhmíocht na luachanna seirbhíse).

Tá an fhreagracht ar an EUIPO i gcomhar leis na IPOanna as rialú agus meastóireacht a dhéanamh ar na trí innéacs SP3, SP4 agus SP5 agus go himmheánach ag an EUIPO déantar monatóireacht laethúil ar na luachanna innéacs éagsúla agus seolta tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmíocht na IPOanna amach chuig gach IPO gach trí mhí le haghaidh rialú agus formheas.

59. Mar a cuireadh in iúl cheana, níl an ranníocaíocht nasctha le costais. Ní bhraitheann ríomh an mheánchostais reatha agus an méid a íoctar le IPOanna Náisiúnta ach ar fheidhmíocht na luachanna seirbhíse atá sainithe.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Moladh 1 – Creataí rialála CMI AE a chomhlánú agus a nuashonrú

97. Maidir le táillí trádmarcanna, roghnaigh an reachtóir táillí a áireamh sa bhunrialachán agus leag sé síos na critéir ar a bhfuil siad socraithe ina bhrollach. Measann EUIPO go gceadaíonn leibhéal na dtáillí dó na cuspóirí atá leagtha síos dó ag an reachtóir a chomhlíonadh agus léiríonn an fás marthanach san éileamh ar EUTMR nach bhfuil aon saincheist ag geallsealbhóirí maidir le leibhéal na dtáillí.

Rinne an reachtóir creat rialachais agus cuntasachta EUIPO a dheimhniú agus a threisiú tríd an athchóiriú reachtach deireanach a tharla cúig bliana ó shin. Tá sé ailínithe go ginearálta leis an gCur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe agus le forálacha Rialachán Airgeadais AE a fhágann go mbíonn tionchar ag struchtúr maoinithe na ngníomhaireachtaí ar a meicníochtaí urscaoilte. Is gníomhaireacht lán-fhéinmhaoinithe í EUIPO, nach bhfuil ag cur aon ualach ar cháiniocóirí an Aontais agus a ghlacann leis go mbeidh uathriail airgeadais aici, ag maoiniú a gníomhaíochtaí go léir leis an ioncam a fhaightear ó na táillí a íocann custaiméirí, tionscail go príomha. Ina theannta sin, fuair EUIPO barúlacha iniúchóireachta glana i gcónaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus deonaíodh urscaoileadh i gcónaí d'aon toil do Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO, lena n-áirítear vótaí dearfacha ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa chuig Coiste Buiséid EUIPO.

99. Cuireadh roghanna costais simplithe (cnapshuimeanna) i bhfeidhm mar chlár píolótach den chéad uair in 2020 agus baineann siad le cuid de na gníomhaíochtaí comhair amhail grúpaí oibre, gníomhaíochtaí cur chun cinn ach tá na tionscadail cur chun feidhme níos casta ag na NIPOnna (Cúl Oifig, Oifig Tosaigh, Gabh agus Stóráil Comhaid Stairiúla srl.) bunaithe ar chostais iarbhír a tabhaíodh agus tá na costais reatha bunaithe ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Roimh an gcéim fhorfheidhmithe, chuathas i gcomhairle le IPOanna Náisiúnta agus cuireadh ar an eolas iad maidir leis an modheolaíocht chun cnapshuimeanna a ríomh agus maidir le ceist na gcostas reatha.

Déanfaidh EUIPO, áfach, athbhreithniú ar an modheolaíocht chun na cnapshuimeanna dá dtagraítear a ríomh, ag cur barúlacha na Cúirte san áireamh.

Moladh 3 – Córais mhaoiniúcháin, rialaithe agus mheastóireachta a fheabhsú

(a) Glacann EUIPO leis an moladh. Déanfaidh an EUIPO athbhreithniú ar a mhodheolaíocht chun cnapshuimeanna a úsáidfead le haghaidh roinnt de ghníomhaíochtaí an Chomhair Eorpaigh a ríomh, ag cur barúlacha na Cúirte san áireamh.

(b) Glacann EUIPO leis an moladh. Scrúdóidh an Oifig gnéithe breise a bhaineann le cáilíocht sonraí i ndáil le cur chun feidhme nuatheicneolaíochtaí amhail blocshlabhra a d'fhéadfadh gnéithe breise a chur ar fáil a d'fhágfadh go mbeidh sé inchosanta leanúint leis an tsamhail athbhreithnithe costais reatha.

(c) Glacann EUIPO leis an moladh agus feabhsóidh sé a chóras meastóireachta tuilleadh.